Paidir do Naomh Columbán i láthair an Choróinvíris.

A Columbán Naofa, ó Shliabh Laighin go Beannchar ‘s ó Luxeuil go Bregenz agus ar aghaidh go Bobbio, tá macalla d’ainm le cloisteáil ó cheann ceann na hEorpa agus ar fud an domhain.

Mar oilithrigh ar thuras, iarraimid ort,
a Columbán Naofa, teacht i gcabhair orainn
agus muidne a choiméad slán ón gcoróin
vireas millteach seo nach mbacann le
teorainneacha.

Tabhair leigheas do chuile dhuine atá ag
fulaingt dá bharr.
Cosnaigh daoine atá i mbaol.
Tabhair léargas d’achan duine a shíneann
amach lámh chuidithe.
Treoraigh ár gcinnirí ar bhealach tuisceanach
is go dtuga Naomh Columbán suaimhneas
dúinn go léir.

arraimid ort Naomh Columbán cróga,
idirghuí a dhéanamh ar ár son agus
impí ar Dhia Uilechumhachtach,
cosc a chur ar scaipeadh an ghalair uafásach seo, is go leanaim
ar aghaidh maraon ag déanamh ár ndícheall le chéile chun saol úr a
chruthú ina bhfuil grá agus siocháin chun tosaigh i gcónaí.